Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Nollaig 2020**
**(OR. en)**

**13536/20**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0337(NLE)**

**AVIATION 228**
**RELEX 960**
**MD 4**
**NIS 21**
**OC 16**
**COEST 260**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bhunaítear leis an gComhaontú um an gComhlimistéar Eitlíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit agus Poblacht na Moldóive<br>- Glacadh |

1. Thíolaic an Coimisiún an togra thuasluaite le haghaidh Cinneadh ón gComhairle an 27 Samhain 2020.

2. Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena leagtar síos an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a bhunaítear leis an gComhaontú um an gComhlimistéar Eitlíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht na Moldóive, den pháirt eile[1], lena nglactar Rialacha nós imeachta an Chomhchoiste.

[1] IO L 292, 20.10.2012, lch. 3.

3. Tháinig an Comhaontú um an gComhlimistéar Eitlíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht na Moldóive, den pháirt eile, i bhfeidhm an 2 Lúnasa 2020. Is é an Comhchoiste a bunaíodh le hAirteagal 22 den Chomhaontú um an gComhlimistéar Eitlíochta atá freagrach as riaradh an Chomhaontaithe agus áirithíonn sé go gcuirtear chun feidhme go cuí é.

4. Scrúdaigh an Mheitheal um Eitlíocht an dréacht-Chinneadh ón gComhairle[2] agus an iarscríbhinn a ghabhann leis[3] an 3 Nollaig 2020.

5. Is iad saineolaithe dlí agus teanga na Comhairle a d'ullmhaigh na téacsanna, mar a comhaontaíodh iad ag an Meitheal[4].

6. Dá bhrí sin, iarrtar ar <u>Choiste na mBuanionadaithe</u> comhaontú na Meithle a dheimhniú agus a mholadh don Chomhairle an Cinneadh ón gComhairle a ghlacadh, mar aon leis an iarscríbhinn a ghabhann leis, mar a leagtar amach in 13513/20 agus in 13515/20 é mar ítim "I/A" ag ceann de na seisiúin a bheidh aici amach anseo.

---

[2] 13506/20
[3] 13506/20 ADD 1
[4] 13513/20 + 13515/20